



Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 7 Márta 2024 (Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato - an Iodáil) – Autorità di Regolazione per Energia Reti e Ambiente (ARERA) v Fallimento Esperia SpA, Gestore dei Servizi Energetici SpA - GSE

(Cás C-558/22 ⁽¹⁾, Fallimento Esperia agus GSE)

(Tarchur chun réamhrialú – Scéim tacaíochta náisiúnta a dhéanann foráil do dheonú deimhnithe comhshaoil intrádála do tháirgeoirí náisiúnta leictreachais ó fhoinsí inathnuaite – Allmhairiú leictreachais a tháirgtear ó fhoinsí inathnuaite i mBallstát eile – Oibleagáid deimhnithe comhshaoil a cheannaigh – Beart sriantach – Díolúine – Treoir 2001/77/CE – Treoir 2009/28/CE – Scéim tacaíochta – Ráthaíochtaí tionscnaimh – Saorghluaiseacht earraí – Airteagail 18, 28, 30, 34 agus 110 CFAE – Treoir Státchabhrach – Airteagail 107 agus 108 CFAE – Acmhainní stáit – Buntáiste roghnach)

(C/2024/2905)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Consiglio di Stato

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Autorità di Regolazione per Energia Reti e Ambiente (ARERA)

Cosantóirí: Fallimento Esperia SpA, Gestore dei Servizi Energetici SpA - GSE

An chuid oibríochtúil

- 1) Maidir le hAirteagail 28, 30 agus 110 CFAE ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:
- 2) ní chuirtear cosc ar bheart náisiúnta, ar an gcéad dul síos, lena gceanglaítear ar allmhairioirí leictreachais ó Bhallstát eile, nach léiríonn go dtáirgtear an leictreachas sin ó fhoinsí inathnuaite trí ráthaíocht tionscnaimh a chur isteach, deimhnithe a cheannach ó tháirgeoirí náisiúnta lena bhfianaítear tionscnamh inathnuaite nó leictreachas a tháirgtear ó fhoinsí inathnuaite i gcomhréir leis an gcainníocht leictreachais a allmhairíonn siad, agus, ar an dara dul síos, go bhforáiltear do phionós a fhorchur i gcás nach gcomhlíontar an oibleagáid sin, cé nach gceanglaítear oibleagáid cheannaigh den sórt sin ar tháirgeoirí náisiúnta leictreachais ó fhoinsí inathnuaite. Maidir le hAirteagal 34 CFAE agus Treoir 2001/77/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2001, maidir le leictreachas arna tháirgeadh ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh a chur chun cinn sa mhargadh inmheánach leictreachais, agus Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 2001/77/CE agus 2003/30/CE, ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas: ní chuirtear cosc ar an mbeart náisiúnta sin má shuigtear nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir maidir le táirgeadh leictreachais a tháirgtear ó fhoinsí inathnuaite a mhéadú a bhaint amach.
- 3) Maidir le hAirteagail 107 agus 108 CFAE ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas: ní chuirtear cosc ar an mbeart náisiúnta sin ar choinníoll go bhfuil bonn cirt leis an difríocht sa chóireáil idir tháirgeoirí náisiúnta leictreachais a tháirgtear ó fhoinsí inathnuaite agus nach léirítear an ráthaíocht tionscnaimh a chur isteach mar gheall ar nádúr agus geilleagar an chórais tagartha ina bhfuil sé ina chuid.

⁽¹⁾ IO C 441, 21.11.2022.